Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1437

27.5.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1437 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Bealtaine 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí *Prunus* L., áirithe le haghaidh plandú, de thionscnamh na Moldóive**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(4), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear, ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo.

(2) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, liostaíodh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí le haghaidh plandú de thionscnamh tríú tíortha go sealadach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo. Áirítear an géineas *Prunus* L. ar an liosta sin.

(3) An 4 Márta 2020 chuir an Mholdóiv iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na plandaí *Prunus* L. seo a leanas le haghaidh plandú a onnmhairiú chuig an Aontas: plandaí fréamhloma, beangaithe, gan duilleoga *Prunus armeniaca*, *Prunus avium*, *Prunus cerasus*, *Prunus domestica*, *Prunus dulcis*, *Prunus persica*, agus *Prunus salicina* le haghaidh plandú, nach mó ná 17 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais agus atá suas le 2 bhliain d'aois, fréamhstoic fréamhloma, gan duilleoga *Prunus armeniaca*, *Prunus avium*, *Prunus canescens*, *Prunus cerasifera*, *Prunus cerasus*, *Prunus davidiana*, *Prunus domestica*, *Prunus dulcis*, *Prunus fontanesiana*, *Prunus persica*, *Prunus salicina*, *Prunus tomentosa* atá suas le 2 bhliain d'aois, agus hibridí de na speicis thuasluaite, nach mó ná 17 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, agus atá de thionscnamh na Moldóive ('na plandaí ábhartha'). Cuireadh na sainchomhaid theicniúla ábhartha isteach leis an iarraidh sin.

(4) An 1 Feabhra 2024 ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca ar na plandaí ábhartha ([3]). Shainaithin an tÚdarás *Erwinia amylovora*, *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* agus *Xiphinema rivesi* (pobail neamh-AE) mar lotnaidí atá ábhartha do na plandaí sin, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca ar a dtugtar tuairisc sa sainchomhad agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí ábhartha saor ó na lotnaidí sin.

(5) Liostaítear *Erwinia amylovora* agus *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* araon mar lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta agus mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([4]), faoi seach, agus liostaítear *Xiphinema rivesi* (pobail neamh-AE) mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/2019-12-14.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo, de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2019/oj).

([3]) Painéal EFSA PLH (Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí), 2024. Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí ó 12 speiceas *Prunus* roghnaithe ón Moldóiv; https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8647.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

(6) Ar bhonn na tuairime ón Údarás, meastar gur inghlactha an riosca fíteashláintíochta a bhaineann leis na plandaí ábhartha a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais speisialta chomhfhreagracha in Iarscríbhinní VII agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtará*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, sa tábla i bpointe 1, sa dara colún 'Tuairisc', cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le '*Prunus* L.:

'*Prunus* L., seachas:

— plandaí fréamhloma, suanacha, gan duilleoga *Prunus domestica* le haghaidh plandú agus iad beangaithe ar fhréamhstoic *Prunus cerasifera* agus atá de thionscnamh na hÚcráine;

— gearrthóga suanacha, gan fréamhacha, gan duilleoga *Prunus persica* agus *Prunus dulcis* atá suas le 2 bhliain d'aois agus atá de thionscnamh na Tuirce;

— plandaí fréamhloma, suanacha, gan duilleoga *Prunus persica*, *Prunus dulcis*, *Prunus armeniaca* agus *Prunus davidiana* le haghaidh plandú atá suas le 2 bhliain d'aois agus atá de thionscnamh na Tuirce; agus

— plandaí fréamhloma, gan duilleoga *Prunus armeniaca*, *Prunus avium*, *Prunus canescens*, *Prunus cerasifera*, *Prunus cerasus*, *Prunus davidiana*, *Prunus domestica*, *Prunus dulcis*, *Prunus fontanesiana*, *Prunus persica*, *Prunus salicina*, *Prunus tomentosa* le haghaidh plandú atá suas le 2 bhliain d'aois, agus hibridí de na speicis thuasluaite, nach mó ná 17 mm an trastomhas acu ag bonn an ghais, agus atá de thionscnamh na Moldóive.'.